



ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

OIFIGH CHLÉIRIÚLA SEALADACHA (PAINÉAL) AG TEASTÁIL

Tá an tÚdarás ag fás go suntasach agus é ag glacadh le feidhmeanna nua agus méadaithe mar thoradh ar Reachtaíocht Faisnéise agus Rianaithe Breithe nua.

Tá roinnt deiseanna spreagúla againn faoi láthair ag gach leibhéal agus sinn ag méadú agus ag athrú ár n-eagraíochta.

Is poist shealadacha iad seo, atá lonnaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. D'fhéadfadh obair chumaisc a bheith ar fáil faoi réir chineál na ndualgas.

Bíonn dualgais éagsúla ag Oifigeach Cléireachais in Údarás Uchtála na hÉireann agus d'fhéadfadh sannadh chuig codanna éagsúla den eagraíocht a bheith i gceist. Tuairiscíonn Oifigh Chléireachais chuig Ardoifigeach Feidhmiúcháin / Príomhoifigeach Cúnta an aonaid a bhfuil siad sannta dó agus tacaíonn siad leo chun cuspóirí foriomlána an Údaráis Uchtála agus a chuspóirí sonraithe sa Phlean Gnó Bliantúil a bhaint amach.

Tá scála tuarastail an Oifigh Chléireachais idir €519.96 go €845.43 in aghaidh na seachtain (lena n-áirítear dhá incrimint fadtéarmach) le haghaidh seachtaine 35 uair an chloig.

Tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh an pá tosaigh ag an íosphointe den scála de réir Chiorclán an Rialtais E100/8/82. D'fhéadfadh cúinsí éisceachtúla a bheith i gceist maidir le hiarrthóirí a bhfuil seirbhís reatha acu sa Státseirbhís/Seirbhís Phoiblí.

Saoire Bhliantúil: 22 lá in aghaidh na bliana ar bhonn seachtaine cúig lá agus gan laethanta saoire poiblí a áireamh.

Cuireann Údarás Uchtála na hÉireann pacáiste sochair den scoth ar fáil lena n-áirítear scéim pinsean ranníochach agus an deis le haghaidh tuilleadh oiliúna agus forbartha.

Dáta Deiridh: Meán Lae Dé Céadaoin, 04 Deireadh Fómhair 2023

Tabhair faoi deara le do thoil, cé go bhféadfadh iarrthóirí riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, táthar ag súil go mbeidh líon na ndaoine a chuirfidh isteach ar an bpost chomh mór sin nach mbeidh sé praiticiúil gach duine a chur faoi agallamh.